

# Páirc Fhaiche Stiabhna

## Eiseamláir Vichteoiriach

Páirc Vichteoiriach í Faiche Stiabhna ina bhfuil 27 acra (11 heicteár) atá lonnaithe i lár Chathair Bhaile Átha Cliath, in aice le Sráid Grafton, an ceantar siopadóireachta is fearr i mBaile Átha Cliath. Cuireann an pháirc nasc ar fáil idir fuadar na cathrach agus suaimhneas socair na tuaithe, agus baineann idir mhuintir na cathrach agus chuairoteoirí taitneamh aisti.

## Ceantar Glas San Stiabhna

Tagann an t-ainm Faiche Stiabhna ón 13ú haois nó mar sin tráth a raibh séipéal San Stiabhna sa cheantar sin, agus ospidéal na lobhar ag baint leis. Thart ar an am sin, ba choimín riascach an ceantar, a shín chomh fada leis an Dothra, agus d'úsáideadh saoránaigh na cathrach é mar thalamh féaraigh dá n-eallach.

Sa bhliain 1635 rith Comhthionól na Cathrach dlí a dúirt

“That no parcel of the Greenes or commons of the city shall henceforth be lett, but wholie kept for the use of the citizens and others to walke and take open aire, by this reason this cittie is at present groweing very populous”

## Balláí Timpeall an Choimín

Sa bhliain 1663 chinn comhthionól na cathrach go bhféadfaí an talamh sin a úsáid chun ioncam a thuilleamh don chathair agus leagadh amach achar lárnach 27 acra a shonraigh teorainn na páirce, agus scaoileadh an talamh eile amach mar 90 suíomh tógála. Bhí an cíos a gheofaí le húsáid chun ballaí agus pábháil a thógáil thart ar an bhFaiche. Chomh maith leis sin, bhí ar gach tionónta sé chrann seiceamair a chur in aice leis an mballa, chomh roinnt príobháideachais a chruthú laistigh den pháirc. Fostaíodh na chéad gharraíodóirí íoctha in 1670 chun aire a thabhairt don pháirc.

## Lárionad do Thaispeántais Faisin

D'éirigh an Fhaiche thar a bheith faiseanta san 18ú haois, mar gheall ar oscailt Shráid Grafton in 1708 agus Shráid Dhásain i 1723 den chuid is mó, agus mar gheall freisin ar thógáil réadmhaoine a raibh an-éileamh orthu sa cheantar seo agus thart air. Bhíodh an-tóir ag lucht an rachmais ar dhul ag spaisteoireacht ar Chosán Beaux feadh teorainn thuaidh na páirce. Déanann Treoir Lewis do Bhaile Átha Cliath ó 1787 cur síos ar Chosán Beaux mar ionad galántachta agus breithiúnais. I measc na geosán eile sa pháirc bhí an Cosán Francach feadh teorainn thiar na páirce, agus Cosán Monk agus Cosán Líosain feadh teorainn thoir agus theas na páirce faoi seach.

### **Áit Phríobháideach**

Ach faoin 19ú haois bhí an pháirc tar éis dul in olcas an oiread sin go raibh an balla lasmuigh briste agus bhí droch-chaoi ar chuid mhór de na crainn timpeall na páirce. Cuireadh coimisinéirí áitiúla a rinne ionadaíocht ar chinn tí áitiúla i gceannas ar an bpáirc in 1814. Chuir siad ráillí ornáideacha Victoiriacha in áit an bhalla bhriste agus thosaigh siad ag cur níos mó crann agus tor sa pháirc. Tógadh cosáin nua freisin in áit na gcosán foirmiúil a bhíodh sa pháirc. Ach mar gheall ar na feabhsúcháin seo, rinneadh páirc phríobháideach den Fhaiche agus ní raibh cead isteach ach acu siúd a fuair eochair ar cíos ón gCoimisiún, d'ainneoin dhlí 1635 a d'achtaigh go mbeadh an pháirc ar fáil lena húsáid ag gach saoránach. B'ole leis an bpobal é seo.

### **Bronntanas an Tiarna Ardilaun do Mhuintir na Cathrach**

D'fhás Sir Arthur Guinness, ar ar tugadh an Tiarna Ardilaun níos déanaí, aníos i dTeach Uíbh Eachach ar Fhaiche Stiabhna. Bhí an-chlú ar a mhuintir as a bhflaithiúlacht le muintir Bhaile Átha Cliath. Thairg Sir Arthur an Fhaiche a cheannach ón gCoimisiún in 1877 agus í a thabhairt ar ais don phobal. D'íoc sé fiacha na páirce agus dhaingnigh sé Acht a chinntigh gurb iad Coimisinéirí na nOibreacha Poiblí, Oifig na nOibreacha Poiblí anois, a dhéanfadh bainistiú ar an bpáirc. Ba é an chéad chuspóir eile a bhí ag Sir Arthur an pháirc a thírdhrechtú, a chuirfeadh tearmann síochánta agus suaimhneach ar fáil don chathair.

Ghlac Sir Arthur páirt ghníomhach i ndearadh na páirce athfhorbartha, agus deirtear gurb é a mhol go leor de ghnéithe na páirce. Ba iad na príomhghnéithe den pháirc athfhorbartha loch saorga trí acra le heas, obair chloiche Pulham a cuireadh le chéile go hálainn, agus droichead. Dearadh ceapacha foirmiúla bláthanna, scairdeáin agus lóiste an stiúrthóra le foscaí Eilvéiseacha. Meastar gur chosain athfhorbairt na páirce £20,000.

I ndiaidh trí bliana fada d'obair thógála, agus gan searmanas foirmiúil ar bith, athosclaíodh geataí na páirce an 27 Iúil 1880, a chuir ríméad ar phobal Bhaile Átha Cliath. Tuairiscíodh sa Daily Express an chéad lá eile “The picture is a truly delightful one and cannot fail to impress every visitor to the Green with the incalculable benefits which such an oasis must bestow on the city and its people.”

### **Éirí Amach na Cásca 1916**

Luan Cásca 1916 rinne Arm Cathartha na hÉireann iarracht cumhachtaí rialaithe na Breataine i mBaile Átha Cliath a chur as cumhacht, trí smacht a fháil ar shuíomhanna ar fud na cathrach a raibh tábhacht straitéiseach leo. Ghabh ceannaircigh faoi cheannas Mhíchíl Uí Mhealláin agus na Cuntaoise Markiewicz smacht ar Fhaiche Stiabhna. Rinneadh trinsí a thochailt thart ar imeall na páirce, agus úsáideadh an teach gloine mar ionad garchabhrach. Is féidir fianaise ar an trodaíocht a fheiceáil fós ar Áirse na bhFiúsailéirí ag an mbealach isteach ag iarthuaisceart na páirce – poill ó philéir na dtrodaithe.

## **Tírdhreach**

Tá tírdhreach na páirce sa lá atá inniu ann mórán cosúil le dearadh Vichteoiriach na páirce a choimisiúnaigh an Tiarna Ardilaun in 1880. Tá limistéar foirmiúil i lár na páirce ina bhfuil cosáin agus faichí i bpatrún siméadrach; tá dhá scairdeán eibhir mar bhuaic ina lár siúd. Tá neart ceapacha bláthanna Vichteoiriacha lonnaithe thart ar limistéar láir na páirce a bhíonn lán le linn an tséasúir fásta ar fad le taispeántais ildaite de phlandaí ceapaí, tiúlipí, croibh fola, lusanna an bhalla, agus peatúniacha, i measc neart eile. Gné choitianta i bpáirceanna Vichteoiriacha ar nós Fhaiche Stiabhna iad na ciumhsóga bláthanna, a fheictear in aice le geata Shráid Líosain, agus a bhíonn i mbarr a réime ó lár an tsamhraidh ar aghaidh.

Tá an loch ar cheann de na gnéithe is suntasaí sa pháirc, agus eas agus oileán ina lár. Tá na crainn agus na plandaí eile thart ar an loch aibí anois, a mhaolaíonn cuma an locha, agus is beag fianaise atá ann níos mó gur tógadh an loch an chéad lá riamh. Gnáthóg é an loch do mhórán éin uisce, lena n-áirítear lachain mhallaird, ealaí agus cearca uisce, agus go leor speiceas éin agus éisc.

I measc na ngnéithe suntasacha eile sa pháirc tá **an Gairdín Portaigh, an Gairdín do na Daill**, ina bhfuil toir agus luibheanna a bhfuil boladh láidir uathu agus a bhfuil lipéid i mBraille leo, **Clós Súgartha na Leanaí**, agus **an tArdán Banna Ceoil**.

## **Crainn**

Tá os cionn 750 crann sa pháirc. Cuireadh go leor crann ar imeall na faiche chun an pháirc a chosaint ón truailliú torainn agus aeir ón gcathair. Cuireadh plána Londan ar fud na páirce, mar go bhfuil sé go maith in ann don truailliú aeir. Tá traidisiún fada ag seiceamair sa pháirc; ba é an seiceamar an chéad chineál crainn a chuir na chéad léasaithe sa pháirc sa 17ú haois. Cuireadh crainn teile ar dhá thaobh cosáin fhoirmiúil feadh theorainn thuaidh na páirce. I measc na gcrann eile a fhaightear go forleathan sa pháirc tá dair thoilm, beith, cuileann, fuinseog shilte, sceach gheal, agus labhras.

## **Dealbha**

Tá 15 dhealbha nó chuimhneachán chomórtha fud fad Fhaiche Stiabhna. Déantar cur síos ar chuid de na dealbha sa pháirc anseo; luaitear freisin an bhliain ar cuireadh an dealbh in airde.

**An Tiarna Ardilaun, 1892:** tiomnaithe don fhear atá freagrach as dearadh reatha na páirce agus tiomnú na páirce don phobal. Lonnaithe ar imeall thiar na páirce.

**Áirse na bhFiúsailéirí, 1907:** gné mhórthaibhseach san Fhaiche í an áirse gheata atá lonnaithe ar chúinne thiar thuaidh na páirce, in aice le Sráid Grafton. Tiomnaíodh an áirse d'fhir Fhiúsailéirí Ríoga Bhaile Átha Cliath a fuair bás i gCogadh na mBórach san Afraic Theas, 1899-1900.

**An Chuntaois Markiewicz, 1956:** dealbh bhrád chré-umha den Chuntaois Markiewicz a léirítear i gculaith Arm Cathartha na hÉireann, a chaith sí le linn Éirí Amach na Cásca. Nochtadh an dealbh Luan Cásca 1956. Lonnaithe i lár na páirce.

### **Páirc Náisiúnta Stairiúil**

Ainmníodh Faiche Stiabhna mar Pháirc Náisiúnta Stairiúil sa bhliain 1986. Tugann na céadta mílte duine cuairt ar an bhFaiche gach bliain, agus bíonn an-tóir ag cách uirthi, idir mhuintir na háite agus turasóirí chun na cathrach. Reáchtáiltear réimse leathan imeachtaí oideachais agus cultúir san Fhaiche ar feadh na bliana do dhaoine fásta agus do, agus bhuaigh sí Gradam an Academy of Urbanism d'Éirinn in 2006, a léirigh gur acmhainn luachmhar fós í an pháirc do chathair Bhaile Átha Cliath.